

Staitisticí ar Chabhair le Ceannach (CLC) 2019

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar anailís a rinneadh ar iarratais agus éilimh ar Chabhair le Ceannach (CLC) in 2019 de réir 18 Nollaig 2024.

Ba chóir caitheamh leis na staitisticí seo mar staitisticí sealadacha agus féadfaidh sé go ndéanfar athbhreithniú orthu.

Soláthraítear nuashonruithe go rialta ar leathanach idirlín staitisticí na gCoimisinéirí Ioncaim: <https://www.revenue.ie/en/corporate/information-about-revenue/statistics/index.aspx>.

Ba chóir aon fhiosruithe faoi staitisticí maidir leis an CLC a sheoladh chuig statistics@revenue.ie.

Tá tuilleadh eolais maidir le hoibriú na scéime CLC ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.

Iarratais agus Éilimh

Tá trí chéim i gceist leis an bpróiseas CLC ar líne.

(1) Céim an Iarratais:

Déanann ceannaitheoirí céaduaire / féin-tógáil iarratas ar líne trí chórais moChúrsaí nó ROS na gCoimisinéirí Ioncaim.

Spreagann na Coimisinéirí Ioncaim iarratasóirí ionchasacha aon tuairisceáin chánach riachtanacha a thíolacadh, agus aon saincheistanna atá fós gan réiteach a réiteach, sula ndéanann siad iarratas CLC. Tá sé seo amhlaidh toisc go mbraitheann an t-am próiseála le haghaidh iarratas ar an iarratasóir chun aon cheistanna atá fós gan réiteach a réiteach agus an t-iarratas a chomhlánú.

Cuirtear Uimhir Iarratais agus achoimre ar an bhfaoiseamh uasta atá ar fáil dóibh faoin dreasacht ar fáil do cháiniócóirí comhlíontacha a chomhlánaíonn a n-iarratas CLC. Is féidir le soláthraí morgáiste, bróicéir, conraitheoir cáilitheach nó dlíodóir an achoimre seo a úsáid chun an faoiseamh atá ar fáil don iarratasóir a fhíorú, chun críocha morgáiste a cheadú nó a tharraingt anuas, nó chun Conradh Ceannaigh tí a shíniú.

In 2019, fuair na Coimisinéirí Ioncaim **10,441** iarratas CLC (gan iarratais a cuireadh ar ceal san áireamh).

(2) Céim an Éilimh:

Ní rachaidh iarratais ar aghaidh go dtí an chéim éilimh ach amháin má chinn an t-iarratasóir ar mhaoin atá incháilithe don scéim a cheannach. Is minic go dteipeann ar iarratais leanúint chuig céim an éilimh toisc nach gceannaíonn an t-iarratasóir maoin, nó go gceannaíonn an t-iarratasóir maoin nach bhfuil incháilithe faoin scéim.

Is faoin iarratasóir atá sé an cinneadh a dhéanamh leanúint chuig céim an éilimh, nó cén uair a leantar chuig céim an éilimh. Is féidir le ceannaitheoirí céaduaire a n-éileamh a chur isteach a luaithe a shínítear Conradh chun maoin a cheannach. I gcás féin-thógála, is féidir an t-éileamh a chur isteach tar éis tarraingt anuas an chéas tráinse den mhorgáiste.

Chun éileamh a dhéanamh ní mór don éilitheoir fianaise dhoiciméadach a dheimhniú agus a sholáthar maidir le sonraí na maoin, an praghas ceannaigh, dáta críochnaithe, morgáiste agus éarlais a íocadh. Féadtar an t-éileamh a thíolacadh ar líne ansin.

(3) Céim Fíorúcháin

Nuair a chuirtear éileamh isteach, caithfidh an conraitheoir cáilitheach nó an dlíodóir atá ag gníomhú thar ceann an féin-thógálaí an fhaisnéis a thugtar a fhíorú. Ní féidir éilimh a cheadú agus a íoc go dtí go mbeidh an t-éileamh fíoraithe ag an gconraitheoir cáilitheach nó ag an dlíodóir. Tá an t-am a thógann sé seo lasmuigh de smacht na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ar na cúiseanna atá leagtha amach thuas, ní dócha go rachaidh go leor iarratais CLC ar aghaidh go dtí an chéim éilimh agus mar sin ní sholáthraíonn líon na n-iarratas bonn iontaofa chun costas dóchúil na scéime a mheas.

In 2019, ceadaíodh **6,593** éileamh CLC. Tá luach iomlán na n-éileamh faofa CLC in 2019 in ord **€101.13 milliún**, agus is éilimh shiarghabhálacha iad **€0.46 milliún** díobh sin (don tréimhse 19 Iúil go 31 Nollaig 2016). In 2019, b'ionann meánluach maoin na n-éileamh CLC ceadaithe agus **€328,300**.

Iarratais

Mí	Líon in 2019
Eanáir	1,663
Feabhra	1,406
Márta	1,208
Aibreán	1,160
Bealtaine	966
Meitheamh	770
Iúil	686
Lúnasa	546
Meán Fómhair	579
Deireadh Fómhair	728
Samhain	422
Nollaig	307
Iomlán	10,441

Tugtar briseadh síos sa tábla thuas ar iarratais CLC in 2019, bunaithe ar dháta tosaithe an iarratais. Áirítear sa tábla iarratais fhaofa agus ar feitheamh* ach ní áirítear iarratais a cuireadh ar ceal.

*Ar feitheamh, ciallaíonn sé go gcaithfidh na hiarratasóirí tuairisceán amuigh a thíolacadh nó aghaidh a thabhairt ar shaincheist comhlíontachta, go bhfuil an t-iarratas le hathbheithniú ag cásoibrí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, nó caithfidh an t-iarratasóir a (h)iarratas a thabhairt chun críche.

Éilimh Cheadaithe

Mí	Éilimh a ceadáíodh	Iarratasóirí
Eanáir	337	642
Feabhra	381	715
Márta	536	1,000
Aibreán	498	932
Bealtaine	557	1,044
Meitheamh	563	1,062
Iúil	650	1,211
Lúnasa	653	1,230
Meán Fómhair	619	1,155
Deireadh Fómhair	684	1,262
Samhain	637	1,178
Nollaig	478	882
Iomlán	6,593	12,313

Tá briseadh síos míosúil sa tábla thuas ar éilimh fhaofa CLC agus ar líon na n-iarratasóirí a bhaineann leis na héilimh sin, in 2019.

Cineál Tógála	Líon	% den Iomlán
Ceannaithe	4,786	72.59%
Féin-tógáil	1,807	27.41%
Iomlán	6,593	100%

Tá briseadh síos sa tábla thuas ar líon iomlán na n-éileamh CLC ceadaithe in 2019, de réir chineál tógála.

An Méid a Éillíodh	Líon	% den Iomlán
€0 - €4,999	115	1.74%
€5,000 - €9,999	542	8.22%
€10,000 - €14,999	2,039	30.93%
€15,000 - €19,999	2,861	43.39%
€20,000	1,036	15.71%
Iomlán	6,593	100%

Tá briseadh síos sa tábla thuas ar na méideanna éilithe in éilimh CLC faofa in 2019.

Luach Maoine:	€0-€225k		€226-€300k		€301-€375k		€376-€450k		Os cionn €450k		Gach Luach	
	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%
Ráithe 1	126	10.05%	336	26.79%	456	36.36%	233	18.58%	103	8.21%	1,254	100%
Ráithe 2	124	7.66%	500	30.90%	617	38.13%	248	15.33%	129	7.97%	1,618	100%
Ráithe 3	151	7.86%	562	29.24%	749	38.97%	316	16.44%	144	7.49%	1,922	100%
Ráithe 4	166	9.23%	525	29.18%	683	37.97%	315	17.51%	110	6.11%	1,799	100%
Iomlán	567	8.60%	1,923	29.17%	2,505	37.99%	1,112	16.87%	486	7.37%	6,593	100%

Tá briseadh síos sa tábla thuas ar luach na maoine d'éilimh CLC a ceadaíodh in 2019, de réir ráithe.

Cóimheas idir Iasacht agus Luach:	70%-74.99%		75%-79.99%		80%-84.99%		85%-89.99%		Os cionn 89.99 %		Gach Maoin	
	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%	Líon	%
Ráithe 1	193	15.39%	156	12.44%	159	12.68%	267	21.29%	479	38.20%	1,254	100.00
Ráithe 2	254	15.70%	176	10.88%	226	13.97%	369	22.81%	593	36.65%	1,618	100.00
Ráithe 3	299	15.56%	189	9.83%	280	14.57%	445	23.15%	709	36.89%	1,922	100.00
Ráithe 4	274	15.23%	212	11.78%	253	14.06%	380	21.12%	680	37.80%	1,799	100.00
Iomlán	1,020	15.47%	733	11.12%	918	13.92%	1,461	22.16%	2,461	37.33%	6,593	100.00

Tá miondealú ráithiúil sa tábla thuas ar an gcóimheas idir iasacht agus luach maoin ar ceadaíodh éilimh CLC ina leith in 2019. Is ionann an cóimheas idir an iasacht le luach agus méid an mhorgáiste mar chéatadán de luach ceannaigh an tí nó an árasáin. Chun leas a bhaint as dreasacht CLC, caithfidh an cóimheas idir an iasacht le luach a bheith 70% nó níos mó.

Contae	R1 2019	R2 2019	R3 2019	R4 2019	Iomlán 2019
Ceatharlach	<10	19	S	19	55
An Cabhán	<10	S	18	23	61
An Clár	12	29	32	46	119
Contae Chorcaí	134	178	241	229	782
Dún na nGall	<10	S	30	23	83
Baile Átha Cliath	400	419	533	384	1,736
Gaillimh	56	74	87	82	299
Ciarraí	13	20	22	27	82
Cill Dara	101	146	200	210	657
Cill Chainnigh	10	27	24	27	88
Laois	11	20	28	24	83
Liatroim	<10	<10	<10	<10	10
Luimneach	37	54	60	55	206
An Longfort	<10	<10	14	11	35
Lú	49	54	48	73	224
Maigh Eo	25	30	39	53	147
An Mhí	153	253	219	217	842
Muineachán	<10	S	18	25	66
Uíbh Fhailí	S	<10	20	14	54
Ros Comáin	<10	S	18	20	61
Sligeach	21	10	11	16	58
Tiobraid Árann	23	31	34	27	115
Port Láirge	25	33	41	41	140
An Iarmhí	20	21	18	21	80
Loch Garman	46	41	58	48	193
Cill Mhantáin	62	80	95	80	317
Gach Éileamh	1,254	1,618	1,922	1,799	6,593

Tá briseadh síos geografach sa tábla thuas ar shuíomh na maoine ar ceadáidh éilimh CLC ina leith in 2019.

Tabhair do d'aire: I gcásanna ina bhfuil líon na n-éileamh níos lú ná 10, cuirtear é seo i láthair mar '<10' sa tábla thuas. Ní féidir an uimhir bheacht a sholáthar, de réir oibleagáid na gCoimisinéirí Ioncaim rúndacht cáiniócóirí a chosaint. Go gaolmhar, i gcásanna ina gceadóidh soláthar cruinn líon na n-éileamh do gach ceathrú eile luach a aithint arna léiriú mar '<10' cuirtear an ráithe leis an gcéad líon is ísle éileamh (níos mó ná 10) faoi chois agus cuirtear i láthair é mar 'S' sa tábla thuas.

Contae	R1 2019	R2 2019	R3 2019	R4 2019	Iomlán 2019
Ceatharlach	0.08	0.23	0.18	0.25	0.74
An Cabhán	0.09	0.14	0.22	0.34	0.79
An Clár	0.16	0.40	0.41	0.57	1.54
Contae Chorcaí	2.11	2.88	3.87	3.61	12.47
Dún na nGall	0.09	0.20	0.30	0.24	0.83
Baile Átha Cliath	7.10	7.31	9.20	6.71	30.31
Gaillimh	0.83	1.10	1.35	1.22	4.50
Ciarraí	0.17	0.24	0.28	0.37	1.05
Cill Dara	1.69	2.33	3.22	3.32	10.55
Cill Chainnigh	0.10	0.41	0.38	0.39	1.27
Laois	0.14	0.26	0.38	0.31	1.09
Liatroim	0.04	0.02	0.02	0.05	0.12
Luimneach	0.50	0.79	0.88	0.80	2.97
An Longfort	0.05	0.08	0.17	0.15	0.45
Lú	0.61	0.72	0.66	0.91	2.90
Maigh Eo	0.31	0.40	0.48	0.70	1.89
An Mhí	2.25	3.77	3.29	3.22	12.54
Muineachán	0.12	0.20	0.23	0.30	0.84
Uíbh Fhailí	0.16	0.13	0.32	0.20	0.80
Ros Comáin	0.08	0.23	0.23	0.29	0.83
Sligeach	0.22	0.13	0.14	0.20	0.69
Tiobraid Árann	0.29	0.42	0.44	0.35	1.50
Port Láirge	0.33	0.39	0.50	0.53	1.74
An Iarmhí	0.28	0.30	0.26	0.30	1.14
Loch Garman	0.59	0.52	0.73	0.60	2.44
Cill Mhantáin	1.04	1.33	1.48	1.28	5.13
Gach Éileamh	19.40	24.89	29.60	27.23	101.13

Tá briseadh síos geografach sa tábla thuas ar mhéid an éilimh (€m) na maoin ar ceadaíodh éilimh CLC ina leith in 2019.